

Nuacht Feirste



Maithe

Uimhir 33

Meán Fomhair 12ú

Táille 10p

Eagarfhocal

Gach cineál foiréigean

BHÍ an ceart ar fad ag an tAthair Des Wilson siúl amach as aifreann na marbh a bhí a cheiliúrá ag an Easpag Ó Dálaigh an tseachtain seo thart do Phádraig Mac Alasdair a caitheadh ina theach cónaí i Naomh Shéamuis ag drong do chuid an UFF.

Shiúl an tAthair Wilson amach nuair a mhaigh an t-easpag gur "toradh ar an fhoiréigean poblachtach atá i bhfoiréigean na ndílseoirí". Is fada ón fhírinne na focail sin. Dhúnmharaigh an UVF caitlicigh neamhurchóideach sna seascaidí sula a raibh iomrá ar bith ar fhoiréigean poblachtach. Nó cá raibh an foiréigean poblachtach i 1969 nuair a chreach na dílseoirí tithe in Ard Eoin agus Bun an bhFal. Ní raibh Óglaigh na hÉireann ag gníomhú an t-am sin ar chor ar bith.

Aris nuair a scairt Óglaigh na hÉireann sos cogaidh sna seachtóidí chuir na dronganna paramíleatacha de chuid an UFF/UDA agus UVF lena n-ionsaithe ar chaitlicigh.

Is é an foiréigean an t-aon freagra atá ag na dílseoirí ar éileamh na náisiúntóir ar son na córa. Faoi láthair fiú tá méadú déanta acu ar a bhfeactas dúnmharaithe chan de thairbhe an fhoiréigean phoblachtaigh ach de bhrí go bhfuil siad ag iarraidh a bhfuath do Chomhaontú Hillsborough a chuir in iúl. Comhaontú, dála an sceíl, a láidiríonn áit na ndílseoir sa 'Ríocht Aontaithe.'

Tá trí chineál foiréigean ann. Foiréigean an stáit. Foiréigean na náisiúntóir mar fhreagra ar fhorlamhas an stáit. Agus ansin frith-bhuille an stáit in éadan na dtrodairí saoirse.

Dá mbeadh na hEaspag Ó Dálaigh, i nDún agus Conaire agus i nDoire, ag cáineadh na bhforsaí atá taobh thiar de gach cineál foiréigean tuigimis dóibh. Nuair nach bhfuil siad ach ag tromaocht ar phoblachtóirí a baineann usáid as an láimh láidir de bhrí gur theip ar na módhanna síochánta, níl siad ach ag cur leis an fhadhb.



● Radharc de eastat Chill Uaighe ar imeall Bheal Feirste

Suirbhé i mBéal Feirste

LE CIAN MAC AOIDH

TÁ SUIRBHÉ sa tsiúl ag Conradh na Gaeilge i gCill Uaighe le fáil amach cad é an speis atá ag an phobal san eastát mór ar imeall Bheal Feirste sa Ghaeilge. Tá suirbhé píolóta críochnaithe ag an Chonradh sa cheantar cheana féin i gcuid bheag amháin den cheantar ina bhfuil 85 teach. Tá corradh le 1,500 teach san eastát ar fad.

Agus tá Gaeil na cathrach ag cur an-suime i dtorthaí an tsuirbhé phíolóta.

● Bhí cainteoir líofa Gaeilge i ndeich faoin chéad dena tithe.

● Dúirt níos mó ná leathchuid dena daoine a ceistíodh go raibh ball/baill den teaghlach a raibh rud beag Gaeilge acu.

● Dúirt 70 faoin chéad dena teaghlach gur mhaith leo an Ghaeilge a fhoghlaim.

San 85 teach a cludaíodh sa tsuirbhé bhí 95 duine a raibh ar a laghad rud beag Gaeilge acu agus dúirt 131 duine gur maith leo an Ghaeilge a fhoghlaim.

Nuair a fíafraíodh dena daoine cad é na bacanna a bhí ar fhoghlaim na teanga luaigh siad an easpa ranganna sa cheantar agus curam clainne a bheith orthu.

Dúirt úrlabhraí Craobh Roibeárd Uí

Sheachnasaigh den Chonradh go scruthaíonn na torthaí go bhfuil pobal na háite i bhfách lena dtenaga féin a fhoghlaim.

Arsa Donncha Mac Caba:

"Léiríonn an suirbhé fosta na heaspai atá ag baint leis an chóras oifigiúil oideachais.

"Anuraidh bhi tuairm's ar 70 rang Gaeilge in Iarthar Bheal Feirste amháin. Múinteoirí deonacha a bhí i mbun formhór na ranganna sin. Is dóiche go bhfeicimid an staid chéanna ann i mbliana.

"Caithefear, mar sin de, brú láidir leanúnach a chur ar an stáit le tabhairt ar na húdaraí cearta cultúrtha an phobail a aithint. Sa chomhthéacs sin tá dualgas ar leith ar na húdaraí oideachais."

Glór ag siúl

TÁ Colm Ó Torna agus Ciarán Ó Feinneadha, moltóirí Ghlór na nGael, ag siúl na tíre faoi lathair ag buaileadh leis na coistí áitiúla atá páirteach sa chomórtas náisiúnta leis an cheantar is fearr a chuireann an Ghaeilge chun cinn a aimsiú.

Oíche Aoine seo chuaigh thart bhí an bheirt i nDún Pádraig áit ar bhuail siad le Pádraig Mac Thiarnáin agus baill den choiste.

Tháinig siad go Béal Feriste, Dé Sathairn gur bhuail siad le Pádraig Ó Donnchú, rúnaí riaracháin Ghlór na nGael in iarthar na cathrach. Thug Ciarán agus Colm cuairt ar oifigi LA agus ar an Scoil Ghaelach. Conaic siad an obair togála atá ag dul ar aghaidh ag suíomh na scoile le foirgenamh nua a thógáil.

An lá céanna bhí cruinnithe acu i nDoire agus i Leitir Ceanainn.

Beidh torthaí na bliana seo á bhfógairt i mí Dheireadh Fomhair agus bronnnfar na duaiseanna i gColaiste Mha Nuad.



• CIARÁN Ó FEINNEADHA

stóradh shinn féin

RATH CAIRN meán fómhair
CONTAE NA MÍ 19/21

**Díospóireachtaí
Bronnadh
Gradam
na Poblachta**

**Léachtaí
Comórtas
Bailéidí**

**Fíor-chaoin
Fáilte roimh
gach Gaelgeoir**

Coiste úr don chumann

SÁRAÍODH na fadhbanna a bhí ag cur as do Chumann Chluain Ard Dé Domhnaigh, 7ú Meán Fomhair, nuair a tháinig 40 de bhaill agus de chairde an chumainn le chéile ag cruinniú speisialta.

Cuireadh tuairisc roimh an chruinniú ag cur síos ar chúrsaí an chumainn le tamall de bhlianta anuas. Miníodh nach raibh mórfadhbanna ar bith ag an chumann ach go raibh gá le coiste láidir leis an ualach oibre a iompar.

Glacadh leis an tuairisc agus toghadh coiste úr. Is iad na hoifigigh úra: Cathoirléach: Albert Fry, Leas-cathoirléach: Ciarán Mac Dáibhí, Cisteoir: Seoirse Ó Dubhthaigh, Leas-chathoirléach: Dominic Ó Gearlainn, Leas-rúnaí: Nóirín Ní Mhurchú, Leas-chisteoir: Tarlach Mac Niadh, Baill choiste: Pilib Mac Mathúna, Labhras Mac Oirc, Pól Ó Muirí, Eamonn Ó Ceallaigh.

Thoisigh an séasúr úr rangann i gCumann Chluain Ard an tseachtain seo.

Scannal na heaglaise

TÁ Conradh na Gaeilge tar éis tacaíocht a thabhairt don seasamh atá Brid Nic Dhomhnaill agus muintir Bhun na gCnoc i gConamara ar son aifrinne agus freastal eaglasta trí Ghaeilge.

Tá an sagart paróiste tar éis bagarta dhéanamh ar Bhríd, atá ina phríomhoide ar an scoil náisiúnta sa tSraith Saileach, go mbrisfidh as a bpost í dá ndéanfadh sí ráiteas poiblí ar bith faoin éagóir ar an Gaeilge nó ar cheartaí teangain an phobail áitiúil.

Thug Uachtarán Chonradh na Gaeilge, Íte Ní Chionarith cuairt ar an cheantar chun a thacaíocht do Bhríd agus don phobail áitiúil a chuir in iúl.

Dúirt sí:

Tá sé scannalach go mbeadh an Eaglais Chaitliceach ag ceilt aifreann Gaeilge agus seirbhís eaglasta eile trí Ghaeilge ar phobal Gaeltachta Bhun na nCnoc. Tá sé níos scannalaí fós go mbeadh an Eaglais ag déanamh gearleanúna ar an té atá chun tosaigh ag éileamh cearta teanga an phobail sin ó thaobh seirbhísí eaglasta de."

Lean sí agus ag lorg eolas di ó cheantair eile faoi éagóir i leith an Ghaeilge.

Dúirt sí:

"Tuigeanann Conradh na Gaeilge nach fadhb í seo a bhaineann le ceantar Bhun



• ÍTE NÍ CHIONNAITH

na nCnoc amháin ach go gceiltfead freastal eaglasta trí Ghaeilge ar phobal Gaeltachta i ndeoirí eagsula. Táimid ag iarraidh ar dhaoine eolas a chur chugainn faoi chásanna eile dá leithéid."

Euskadi-athbheochan teanga

DE DONALL Ó DUFAIGH

IOICIS ó shin thrácht eagarfhocal *Nuacht Feirste* ar an *Korrika* — ras fríd Euskadi uilig a chruinníonn a lan airgid agus a thugann poiblíocht don Bhascais. Silim go mbeadh se uimíul spleacadh rud beag níos iomláine a thabhairt ar an *Korrika*, ar AEK an eagraíocht a reachtáileann é agus ar anocht ina bhfuil an Bhascais inniu.

Tá seacht gcúige in Euskadi, an ainm atá ar thír na mBascach sa Bhascais. Tá 3 cinn acu sa Fhrainc agus 4 cinn sa Spáinn. Le blianta fada anuas tá féinriail áirithe agtha do na 'réigiúin' uilig sa Spáinn ach ní aithníonn rialtas Mhaidrid gur chuid de Euskadi Nafarroa agus mar sin de tá dhá pharlaimint réigiúnda i "gcuid na Spáinne" de Euskadi, ceann amháin do Bizkaia, Arabas is Gipuzkoa le chéile agus ceann eile do Nafarroa.

Ceann de na rudaí a iarann Nafarroa ná nascadh Nafarroa leis na réigiúin eile ach ar ndóigh deirad gur chóir go mbeadh cead ag a Bascaigh a rá cé acu ar mhaith ó neamhspleáchas iomlán nó nár mhaith. Níl rialtas Mhaidrid sásta cead ag bheith ag na Bascaigh in an dá cheist sin a shocrú go ionlathach. Ach sin ceist eile do eile...

BASCAIS

Tá beagnach trí mhíliúin in Euskadi ach níl ach ceathrú míliúin acu (feirmeoirí beaga is

mó) sa Fhrainc. Níl Bascias inniu ach ag 600,000 nó 20% de dhaoine na tíre ar fad. Ar thaobh na Franice den teorainn tá Bascias ag 36% de na daoine ach ar thaobh na Spáinne tá sé thar fá 20% Dála teanga ar bith a mbeadh na figiúirí seo acu sa lá atá inniu ann tá an Bhascais i mbaol ach tá suim mhillteanach sa teanga agus sár-iarracht á dhéanamh acu, fríd scoileanna lán-Bhascacha, scoileanna oíche is araile, chun an tenaga a athbheochan agus cé nach bhfuil acu go fóill ach parlaimint réigiúnda faoi Mhaidrid tá stáisiún amháin teilifíse acu atá go hiomlán sa Bhascais.

Tá AEK a bhfuil sé mar aidhm acu, (a) an tír uilig a athBhascu agus (b) léamh agus scríobh ina dteanga féin a theagasc dóibh súid a bhfuil an teanga acu, bunaithe le fiche bliain ach go dtí 1980 nuair a reachtáileadh an chéad *Korrika* bhí AEK mar chuid de acadamh na teanga in Euskadi. O 1980 i leith is eagraíocht neamhspleách í.

RANGANNA

Is eagraíocht deonach AEK a gheibh airgead éigin on pharlaimint réigiúnda.



● Scata díobh súid a bhí páirteach i Korrika 1985

Tá 200 ionad teagaisc acu in Euskadi uilig agus níos mó ná míle múinteoir acu. I mbliana tá 40,000 duine ag freastal ar a gcuid ranganna. An rang is lú ama acu ná dhá uair a' chloig sa lá, ceithre lá sa tseachtain agus tá siad den bharúil go bhfuil dhá bhliain de dhith leis an teanga a fhoghlaim má ndéanann tú ocht n-uair a chloig de ranganna sa tseachtain. Tá brúchúrsaí le ceithre is cúig uair a chloig sa lá acu agus tá cúrsaí conaite ceithre mhí sa Bhascacht acu.

Go bhfios dom, níl leithéid eile an *Korrika* aít ar bith ar domhan — go fóill — agus fiú amháin tá tráchtas ollscoile scríofa air cheana féin. Ritheann siad ó thaobh taobh na tíre ach

chan i líne díreach! Glacann siad isteach an-chuid bailte beaga ar a gcamchursa, 2000 cilimeadar ar fad gur níos mó ná 200 coistí áitiúla (déanta suas de mhúinteoirí is mic léinn na ranganna) á eagrú.

Ritheann tú cilimeadar amháin, nó níos mó más maith leat agus íocann tú as, nó gheibh tú urraíocht ó dhaoine eile. Maireann an rás deich lá agus ritheann 300,000, óg is aosta. Ritheann polaiteoirí, scríbhneoirí, lucht teilifíse imreoirí rugbaí idirnáisiúnta, sagairt paróiste, páistí is pensineoirí. Cruinníonn siad £250,000, ach ní siad bolsaireacht as cuimse don athbheochan. Tá an smaoinemh go hiontach. Cá bhfuil lucht reachtála leagan s'againne den *Korrika*?

Ag foghlaim na Gaeilge

Ainmnigh séasúir na bliana. Isiad an tEarrach, an Samhradh, an Fómhar, an Greimhreadh, séasúir na bliana.

Ainmnigh Féilte na Bliana. Lá Coille — seo an chéad lá den bhliain úr.

Nollaig na mBan — seo é an séú lá Eanáir, lá deireanach d'fhéile na Nollag.

Lá Fhéile Bríde — an chéad lá Feabhra.

Lá Fhéile Pádraig — an seachtú lá déag Márta.

Oíche Fhéile Eoin — an ceathrú lá is fiche Meitheamh, oíche na dtinte cnámh.

Oíche Shamha — an t-aonú lá is tríocha Deireadh Fómhair.

Lá na Marbh — an dara lá Samhain.

Lá Fhéile Muire gan Smál — an t-ochtú lá Nollaig.

Lá Nollag — an cúigiú lá is fiche Nollaig.

Lá Fhéile Stíofán — an séú lá is fiche Nollaig.

Cad é an nós atá ag baint le Lá Coille?

Ar an lá sin, déanann daoine dea-rúin don bhliain úr — mar shampla, staonadh ón ólachán ná éirí ag toitiní, agus rudaí den tsórt sin.

Cad é ta' speisialta fá Fhéile Pádraig?

Sin lá mór do na Gaeil ach an áit ar fud an domhain. Caith-eann daoine seamróg agus bíonn morshúilta ag na hEireannaigh i ngach cathair mhór, anseo in Eirinn agus thar sáile.

Cad chuige a mbíonn dul ag páistí in Oíche Shamha?

Mar, ar an oíche seo, bíonn scléip agus craic acu. Gléasann siad iad féin i seanéadaí agus

téann siad ó theach go teach ag iarraidh mílseán agus ag iarraidh airgid ó dhaoine.

Cad é mar a bheannaíonn daoine dá chéile ag am Nollag anseo?

De ghnáth deir siad — 'Nollaig shona duit'.

Cén freagra atá ar sin? 'Gurb amhlaidh duit féin'.

Cé mhéad lá atá sa Charghas? Tá daichead lá ann.

Cad é a tharlaíonn, Céadaoin an Luathriag?

Sin an chéad lá den Charghas. agus tógann tú laithreach ar do chlár éadain an lá sin, chun a chur i gcúimhne duit, go bhfaighfidh tú bás, nach bhfuil ionat ach cré.



Cumann Rodaí Mhic Chorlaí

Déardaoin

Oíche Cheoil ar son Belfast

Exposed

Dé hAoine

Oíche cheoil ar son Roinn an Chultúir



Casadh na taoide

LE DEASÚN BREATHNACH

"OUR PEOPLE," a deir Ó Corcora, ag cur síos ar phobal na hÉireann i ndiaidh an Ghorta Mhóir agus é ag plé cúrsaí sa mbileog úd de chuid Chonradh na Gaeilge, *What's This About The Gaelic League?* "depending on the Ascendancy, were... become colonial at second-hand," mar bhí an tiarnaí talún chomh gallda sin nach bhféadfaidís aon rud maith a fhéiceáil in Éirinn: Ba é London an máistir, ar anam, ag aigne agus ar cholainn;

Ach bhí lucht ribín ann, freisin. Agus bhí fás ag teacht ar na ceardchumann. Bhí tús leis an gcomharchumannachas. Bhí siol an tsóisialachais curtha agus bhí ceangal éigin idir comunnas na Fraince agus an eiteog chlé in Éirinn: uatha siúd i bParas ba ea a fuair muid ár dTrídthath; Cuid den hidden Ireland, b'fhéidir, an méid sin a bhí folaithe ar Dhónall Ó Corcora!

SCOLÁIRE


Ar na scríbeoirí ba thábhachtaí faoin am sin bhí Standish O'Grady, an scoláire a scríobh *Silva Gadelica*, saothar nach bhfuil fós as dáta, (cé go bhfuil sé as cló) agus sa mbileog seo faoi mheas déanann an t-údar tagairt dó (lch. a hocht):

"The Lost Land, Standish O'Grady, also a man of vision, called the Ireland of that period,

thinking, perhaps, more of his own class than of the common people, could not, one thinks, have described his own side in any more apt phrase than a Doped People. The dope was foreignism in such lashings and leavings, especially leavings, as we could not have assimilated even if we had kept intact all our native strength, with our tradition of native culture unimpaired."

Ach ansin tháinig casadh na taoide, scéal a d'inis an scannán, *Mise Éire*, chomh maith sin sna caogaidí.

Ach Dónall Ó Corcora: "How did it come about that a quickening of spirit took that people with such force as presently to fill the land with a spiritual energy which threw up leaders, men of character, in every parish, leaders who were more of the very soul of the



● DÓNALL Ó CORCORA
nation than their leaders before had ever been? Such they must have been. They altered the country's whole attitude towards the past; they spurred it to dare the hazard of revolution."

An bhfuilir gafa fós ag Ó Corcora? Má bhíonn, imigh leat agus ceannaigh a bhfuil scríofa aige agus roinn do chuid eolais nua ar do chairde.

Cuid den réabhlóid culturtha atá sa méid sin... agus sna na haltanna seo, sé cinn díobh, atá curtha le cheile agam faoi Dhónall Ó Corcora, ar dheis Dé go raibh sé.



CUMANN
NA
MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE
CHEOIL

GACH
AOINE

Fáilte
romhaibh
uilig



Crosfhocal

26

Trasna

2. Ní hé seo an chúirt uachtarach (9)
6. Scaifte, buíon (5)
7. Tugann sé aire do chaora (5)
8. Saotharaim (6)
10. Tá boladh láidir uaigh (7)
12. Focal eile do talpa (7)
13. Glactar griangrafanna leis (7)
14. Achar (7)
16. Breis ar ceann amháin (6)
18. Ag an noimeád seo (5)
19. Duine nó pearsa (5)
20. Maireachtáil (9)

Síos


1. Raidió (10)
2. Focal eile ar teagmhais (9)
3. Seam beag (6)
4. Saghas rí (5)
5. Náisiún, talún istigh teorann áirithe (3)
9. A mhalairt de fadaíocht (10)
11. Oispidéal (9)
13. Eolach (6)
15. Gan comhlúadar, i do... (5)
17. Casta (3)

Freagraí Crosfhocal 25

Trasna: 4. Bradán; 8. Aistriú; 10. Aodana; 11. Caint; 12. Raidht; Inis; 19. Amadáin; 20. Noir; 22. Coinne; 28. Cáta; 29. Cnagáil; Ólagáin; 31. Strath.

£5 do buaiteoir

Seoltar freagraí chuig;
An tEagarthóir,
Nuacht Feirste,
147 Bóthar Andarsan,
Béal Feirste 11.



Síos: 1. Eascaini; 2. Ispíní; 3. Brath; 5. Rasáí; 6. Deach; 7. Neal; 9. Uair; 13. Asal; 14. Donn; 16. Saoi; 17. Bain; 18. Tarraing; 21. Oiread; 23. Obair; 24. Neart; 25. Ealó; 26. Scian; 27. Scis.